Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Léitheoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

	S1 Taithí (dul i dtaithí ar/i dteagmháil le)	S2 Freagairt (tabhairt faoi deara, freagairt, idirghníomhú anois agus arís)
	I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/shúgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh na daltaí:	I ngníomhaíochtaí céadfacha agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:
• réimse de théacsanna a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;	• taithí a fháil ar réimse de théacsanna/íomhánna ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult; Mar shampla: • taithí ar scéal CD agus an téacs mar thacaíocht acu; • taithí ar scéal a roinnfear trí phictiúr ar chlár bán idirghníomhach (nó ar an aonad taispeána TFC is déanaí); • taithí ar phictiúr nó ar shraith pictiúr/grianghraf mór a chuirfidh an múinteoir i láthair nó a chuirfear ar taispeáint;	• freagairt anois is arís do réimse téacsanna/íomhánna ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult; Mar shampla: • éistfidh siad anois is arís le scéal CD agus an téacs mar thacaíocht acu; • éistfidh siad anois is arís le scéal ar chlár bán idirghníomhach (nó ar an aonad taispeána TFC is déanaí); • déanfaidh siad fuaimeanna agus/nó déanfaidh siad gluaiseachtaí le cuidiú duine eile le freagairt anois is arís do théacs roinnte; • amharcfaidh siad anois is arís ar phictiúr nó ar shraith pictiúr/grianghraf mór/téacs neamhfhicsin a chuirfidh an múinteoir i láthair nó a bheidh ar taispeáint ar chlár bán idirghníomhach (nó ar an aonad taispeána TFC is déanaí); • amharcfaidh siad anois is arís ar leabhar/iris/catalóg a roinnfidh duine fásta leo;
• réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;	• taithí a fháil ar scéal céadfach trí réada tagartha; Mar shampla: • taithí ar scéal céadfach – a bhainfidh le cuid de na céadfaí – agus an léitheoir ag úsáid réada agus spreagthaigh chéadfacha le haird an lucht féachana a tharraingt;	• tosú a fhreagairt do ghrianghraif nó do pictiúir mar léiriúcháin ar réada; Mar shampla: • éistfidh siad le scéal déanfaidh siad idirghníomhú anois is arís leis [fuaimeanna a dhéanamh/réada a láimhseáil, mar shampla) agus an léitheoir ag úsáid réad agus spreagthaigh chéadfacha le haird an lucht féachana a tharraingt;
• faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;	• taithí a fháil ar fhaisnéis ó réimse foinsí; Mar shampla: • taithí ar fhaisnéis labhartha; • taithí ar thimpeallacht shaibhir ó thaobh na litearthachta de, ina bhfuil grianghraif, pictiúir, réada agus siombailí, taispeántais bhalla, amchlár pictiúrtha, cófraí lipéadaithe, srl; • taithí ar chóta a chrochadh den phionna cheart atá lipéadaithe le grianghraf an pháiste; • taithí ar threalamh a chur ar ais in áiteanna atá lipéadaithe le grianghraf, pictiúr nó siombail;	• freagairt d'fhaisnéis ó réimse foinsí; Mar shampla: • tabharfaidh siad faoi deara a n-ainm/grianghraf féin ar earraí pearsanta; • déanfaidh siad idirghníomhú anois is arís le cóta a chrochadh ar an phionna cheart atá lipéadaithe le grianghraf, dath, pictiúr agus/nó ainm; • leanfaidh siad anois is arís córas oibre/tasc-chlár/amchlár pictiúrtha lena dtrealamh/earraí féin a aimsiú; • freagróidh siad d'orduithe/treoracha simplí, labhartha agus léiriúchán amhairc ag dul leo; mar shampla 'suigh síos', 'tar anseo', 'lámha anuas'; • léireoidh siad suim anois is arís i ngrianghraif, DVD nó teilifís le gothaí gnúise, comharthaíocht choirp nó guthaíocht;
• smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a fhiosrú;	• taithí a fháil ar theanga a bhaineann le téacsanna/íomhánna; Mar shampla: • taithí ar réimse téacsanna agus íomhánna;	• freagairt anois is arís do ghnéithe de réimse téacsanna/íomhánna; Mar shampla: • amharcfaidh siad anois is arís ar ghrianghraif díobh féin/den rang/de na gníomhaíochtaí is fearr leo; • cuideoidh siad le duine eile leathanaigh leabhair a thiontú; • cuideoidh siad le duine eile lasc a úsáid le pictiúir/íomhánna a athrú/leathanaigh a thiontú ar ríomhaire nó ar chlár bán idirghníomhach;
• fianaise ó théacsanna a úsáid le barúlacha a mhíniú.	• taithí a fháil ar réimse réad, spreagthaigh chéadfacha agus pictiúr; Mar shampla: • taithí ar réad, éistfidh siad le fuaimeanna, mothóidh siad ábhair/uigeachtaí, bolóidh siad bolaithe éagsúla, díreoidh siad a súile ar spreagthaigh amhairc.	• freagairt do réimse réad, spreagthaigh chéadfacha agus pictiúr as míreanna/eispéiris is mó agus is lú a bhfuil dúil acu iontu a chur in iúl anois is arís; Mar shampla: • roghnóidh siad réada is fearr leo féin ó rogha réada; • roghnóidh siad DVD is fearr leo féin ó rogha DVDanna; • amharcfaidh siad anois is arís ar phictiúir/íomhánna is fearr leo féin; • taispeánfaidh siad freagairt do mhíreanna/gníomhaíochtaí is fearr leo féin agus nach maith leo féin.

Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Léitheoireachta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:

S3 Dul i mBun (dul i mbun, aithris a dhéanamh ar iompraíocht mhúnlaithe, aird a dhíriú, súile a dhíriú ar rudaí, aithint)	S4 Páirtíocht Ghníomhach (idirghníomhú, roinnt, páirtíocht, comhoibriú, déanamh amach roimh ré, cuimhneamh)
I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:	I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcomhthéacsanna coitianta inrochtana agus i bhfoghlaim ghníomhaíochtbhunaithe/súgradhbhunaithe, is é a dhéanfaidh daltaí:
• réimse de théacsanna a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;	• dul i mbun réimse téacsanna/íomhánna d'aon turas ar feadh tréimhsí níos faide ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult; Mar shampla: • bainfidh siad sult as scéal a bhfuil siad cleachta lena chluinstin; • rachaidh siad i dteagmháil go toilteanach le duine fásta/piara le leabhar a roinnt; • amharcfaidh siad ar phictiúir a ndírítear méar orthu; mar shampla 'amharc ar an eilifint' (seans go gcuirfear comhartha leis na focail); • díreoidh siad súil/méar ar phictiúir nuair a ainmneoidh duine fásta iad; • díreoidh siad méar, déanfaidh siad comhartha nó déarfaidh siad ainm le pictiúir a aimsiú agus scéal á léamh;	• páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíocht ina bhfuil réimse téacsanna/íomhánna ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult; Mar shampla: • roghnóidh siad leabhar; • coinneoidh siad leabhar ina lámh an taobh ceart ar barr agus tiontóidh siad na leathanaigh in ord, ag amharc ar na leathanaigh le ciall a bhaint as an scéal nó as an fhaisnéis; • léireoidh siad tuiscint ar scéal nó ar fhaisnéis a léifear dóibh; mar shampla pictiúir a chur in ord, ceisteanna a fhreagairt; • tiontóidh siad leathanaigh leabhair mar is cuí; • glacfaidh siad páirt i nascleanúint ar scéal idirghníomhach ar líne; • glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí simplí meaitseála pictiúr; mar shampla snap, cláir mheaitseála pictiúr;
• réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;	• dul i mbun grianghraf nó pictiúr mar léiriúcháin ar réada; Mar shampla: • díreoidh siad aird ar an mhúinteoir agus amchlár pictiúrtha á chur suas aige/aici; • amharcfaidh siad ar phictiúir nó láimhseoidh siad iad le rogha a dhéanamh; • rachaidh siad i mbun an tseichimh a bhaineann le pictiúrscéal simplí;	• íomhánna/focail a bhfuil siad cleachta leo a dhéanamh amach roimh ré agus a thuiscint go gcuireann siad ciall in iúl; Mar shampla: • aithneoidh siad an difear idir cló agus pictiúir; • meaitseálfaidh siad pictiúir/grianghraif i bhfoirmeacha agus i gcomhthéacsanna éagsúla; • tuigfidh siad go bhfuil ciall le pictiúir le habairt shimplí a dhéanamh; • roinnfidh siad leabhar léitheoireachta pearsanta le duine fásta agus 'léifidh' siad a n-ainm [seans nach dtig leo a n-ainm a léamh i gcomhthéacsanna eile]; • roinnfidh siad leabhar a bhfuil siad an-chleachta leis go 'léann' cúpla focal ó chuimhne – mar shampla *'fee fi fo fum'* a rá – ach ní dhéanfaidh siad an téacs a dhíchódú; • úsáidfidh siad amchlár pictiúrtha laethúil/seachtainiúil agus léireoidh siad tuiscint orthu;
• faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;	• dul i mbun faisnéis ó réimse foinsí; Mar shampla: • crochfaidh siad cóta agus mála scoile ar an chromóg cheart atá lipéadaithe le grianghraf agus le hainm; • cuirfidh siad gníomh i gcrích i gcónaí nuair a thabharfar ordú amhairc agus labhartha dóibh, amhail 'suigh síos','seas suas', 'réitigh an áit'; • úsáidfidh siad gothaí – amhail méar a dhíriú nó bosa a bhualadh nó iarracht ar fhocal a rá – le haithint nó suim a léiriú i ngrianghraif, DVD, teilifís srl.;	• tosú ar fhaisnéis a aimsiú agus a roghnú ó réimse d'fhoinsí; Mar shampla: • tabharfaidh siad cló faoi deara sa timpeallacht; • roinnfidh siad leabhar go fonnmhar le duine fásta; • léireoidh siad gur fearr leo leabhair ar leith; • bainfidh siad ciall éigin as téacs, siombailí nó pictiúir a chuirtear ina láthair ar bhealach a bhfuil siad cleachta leis; • aithneoidh siad mothúcháin ar aghaidheanna i ngrianghraif;
• smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a fhiosrú;	• dul i mbun gnéithe de réimse téacsanna/íomhánna ar feadh tréimhsí níos faide; Mar shampla: • amharcfaidh siad ar ghrianghraif/pictiúir agus léireoidh siad tuiscint go bhfuil an taobh ceart ar barr; • tiontóidh siad leathanaigh ar bhealach ciallmhar; • brúfaidh siad cnaipí fuaime nó tógfaidh siad flapaí srl; • láimhseoidh siad leabhair agus tabharfaidh siad gnéithe faoi deara; mar shampla leathanaigh, oscailte agus druidte [leathanaigh a thiontú agus leabhar (nach bhfuil a taobh ceart ar barr, b'fhéidir) a oscailt/a dhruidim]; • rachaidh siad i mbun sceideal laethúil nó amchlár pictiúrtha a úsáid;	• tosú ar smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna agus in íomhánna a thuiscint; Mar shampla: • déanfaidh siad an chéad rud eile a tharlóidh i scéalta a bhfuil siad cleachta leo a dhéanamh amach roimh ré; • díreoidh siad méar ar íomhánna/pictiúir faoi leith nuair a iarrfar orthu, agus beidh siad in ann iad a aimsiú fosta; • tosóidh siad ar charachtair i leabhar a aithint; • léireoidh siad sceitimíní agus/nó tnúthán nuair a chuirfidh múinteoir scéal i láthair; • tiontaíonn siad leabhar sa dóigh go mbeidh an taobh ceart ar barr;
• fianaise ó théacsanna a úsáid le barúlacha a mhíniú.	• dul i mbun réimse téacsanna agus íomhánna le roghanna a dhéanamh; Mar shampla: • díreoidh siad méar/malartóidh siad pictiúir/déanfaidh siad comharthaí le gníomhaíocht a roghnú; • roghnóidh siad an ceann is fearr leo ó rogha de théacsanna a bhfuil siad cleachta leo.	• páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht shimplí le tuairimí a nochtadh i leith réimse téacsanna agus íomhánna; Mar shampla: • díreoidh siad méar ar na pictiúir chearta nuair a fhiafrófar díobh faoi charachtair nó faoi phictiúir i scéal; • cuirfidh siad in iúl na carachtair is fearr leo i scéal ó bhéal nó le comharthaí; • roghnóidh siad leabhar/iris.

Scileanna Réamhriachtanacha sa Chumarsáid trasna an Churaclaim

Léirítear dul chun cinn fosta nuair a thagann laghdú ar an méid tacaíochta ó dhaoine fásta: le treoir, le laghdú ar an treoir, gan treoir.

Riachtanais le hAghaidh Léitheoireachta	S5 Daingniú (tosú ar thuiscint a fhorbairt)	Leibhéal 1
Ba chóir go gcuirfí ar chumas daltaí:	I ngníomhaíochtaí struchtúrtha, i gcásanna agus i gcomhthéacsanna coitianta, is é a dhéanfaidh daltaí:	Agus iad ag tabhairt faoi théacsanna trí léitheoireacht mhúnlaithe, léitheoireacht i gcomhpháirt agus léitheoireacht faoi threoir, tig le daltaí:
• réimse de théacsanna a léamh ar mhaithe le faisnéis, smaointe agus sult;	• tuiscint a léiriú gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, íomhánna agus téacsanna; Mar shampla: • ligfidh siad orthu go bhfuil siad ag léamh leabhair; is féidir go ndíreoidh siad méar ar phictiúir agus ar théacsanna; • glacfaidh siad páirt in iompraíocht léitheoireachta amhail scéal a léamh le lucht éisteachta (bréagáin nó piaraí); • glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí simplí meaitseála focal; • léireoidh siad tuiscint gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, íomhánna agus téacsanna agus scéal ar líne á nascleanúint acu;	• tuiscint ar an bhrí a bhaineann le cló, pictiúir agus íomhánna a léiriú; Mar shampla: • tuiscint gur féidir ciall a bhaint as pictiúir, íomhánna agus téacsanna. Tuigeann said teachtaireachtaí a chuirtear in iúl le focail, le frásaí agus le habairtí simplí;
• réimse de straitéisí a úsáid le léamh le neamhspleáchas atá ag méadú;	• tosú ar thuiscint a fhorbairt ar réimse de straitéisí léitheoireachta; Mar shampla: • léireoidh siad tuiscint éigin ar fhuaimeanna litreach; • úsáidfidh siad leideanna pictiúir le hábhar an leabhair a thomhas; • díreoidh siad méar ar théacs agus iad ag 'léamh'; • aithneoidh siad go mbaineann an focal clóite le pictiúir ar an leathanach; • aithneoidh siad litreacha ina gcéadainm féin; • díreoidh siad méar ar ainmneacha/focail a thosaíonn leis an litir chéanna a dtosaíonn a n-ainm féin léi; • críochnóidh siad líne i scéal athráiteach a bhfuil siad cleachta leis;	• fuaimeanna agus siollaí a aithint i bhfocail; • a thuiscint go léirítear fuaimeanna le litreacha; • straitéisí léitheoireachta a úsáid; Mar shampla: • siollaí a shainaithint i bhfocail agus tig leo iad a dheighilt agus a chumasc. Tig leo, mar shampla, na siollaí i bhfocail a bhualadh amach; • an gaol idir litreacha agus na fuaimeanna a léirionn said a thuiscint; • réamheolas agus pictiúir a úsáid le ciall a bhaint as téacs, comhthéacs agus comhréir a úsáid le tuartha a dhéanamh faoi fhocail, agus an chomhfhreagairt idir fuaimeanna agus siombailí a úsáid;
• faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí;	• faisnéis ó réimse d'fhoinsí a aimsiú, a roghnú agus tosú ar í a úsáid; Mar shampla: • de réir threoir an mhúinteora, aimseoidh siad leabhar atá ar taispeáint go soiléir i mbailiúchán leabhar a bhfuil siad cleachta leis; • aithneoidh siad stór focal sóisialta amhairc i dtimpeallacht a bhfuil siad cleachta léi, amhail 'an leithreas' agus 'an oifig', agus tosóidh siad ar é a úsáid; • úsáidfidh siad córas oibre/tasc-chlár/amchlár pictiúrtha; • aimseoidh siad limistéir shonracha sa tseomra ranga; • léireoidh siad tuiscint éigin ar chló sa timpeallacht;	• focail, comharthaí agus siombailí coitianta áirithe a aithint sa timpeallacht; • leideanna amhairc a úsáid le faisnéis a aimsiú; Mar shampla: • lipéid nó pictiúir a úsáid le háiseanna nó faisnéis a aimsiú;
• smaointe, imeachtaí agus gnéithe i dtéacsanna a thuiscint agus a fhiosrú;	• smaointe, imeachtaí agus gnéithe a thuiscint agus a fhiosrú i dtéacsanna, cló, pictiúir agus íomhánna éagsúla; Mar shampla: • amharcfaidh siad ar leabhar agus éistfidh siad leis an stór focal leabhair a bhaineann leis, amhail clúdach tosaigh, an chéad leathanach, tiontaigh an leathanach, an deireadh; • úsáidfidh siad TFC/téacsanna le hamharc ar alt/scéal nuachta reatha, agus le héisteacht leis, agus an múinteoir ag díriú airde ar théama lárnach agus/nó príomhimeachtaí; mar shampla irisí/Seomra Nuachta C2k/nuachtáin;	• teanga atá ar eolas a bhaineann le téacsanna* a úsáid; Mar shampla: • labhairt ar théacsanna agus focail amhail 'teideal', 'clúdach', 'leathanaigh', agus 'údar/scríbhneoir' in úsáid acu;
• fianaise ó théacsanna a úsáid le barúlacha a mhíniú.	• tosú ar cheisteanna faoi théacsanna a bhfuil agus nach bhfuil siad cleachta leo a fhreagairt le tuairimí a chur in iúl; Mar shampla: • freagróidh siad ceisteanna faoi leabhar a léadh; • déanfaidh siad tuar ar ábhar an scéil ón chlúdach tosaigh; • tosóidh siad ar thuairimí bunúsacha ar théacsanna a chur in iúl; mar shampla 'cad chuige a raibh dúil agat sa leabhar?','Cén chuid de is mó a thaitin leat?'	• ceisteanna a fhreagairt agus labhairt ar a bhfuil léite acu; Mar shampla: • labhairt leis an mhúinteoir faoina bhfuil léite acu agus a dtuiscint a léiriú trí ghníomhaíochtaí amhail plé simplí nó rólghlacadh, agus iad ag fáil cuidiú le struchtúr abairtí agus stór focal nuair is gá.